Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

FIOS FOGHLAMA
SAMHAIN 2025

Fáilte mhór chuig eagrán na Samhna d'Fhios Foghlama, cor poist míosúil an GhaelAonaid Bunscoile, i dtaca le teagasc agus foghlaim a chomhroinnt le múinteoirí bunscoile.

An mhí seo, táimid ag díriú ar théamaí an Gheimhridh, go háirithe, ainmhithe ag geimhriú. Tá eolas ar Chorpoideachas trí Ghaeilge ó COGG ar fáil, lena n-áirítear pacáiste nua chun tacú le múinteoirí an lúthchleasaíocht a mhúineadh trí mheán na Gaeilge. San eagrán seo, gheobhaidh sibh dánta séasúracha, samhlacha, acmhainní ar líne le húsáid sa seomra ranga, podchraoladh do mhúinteoirí, chomh maith le tuilleadh eolas ar na himeachtaí is deireanaí.
Tá súil againn go mbainfidh sibh taitneamh agus tairbhe as an eagrán seo.

Le buíochas agus le meas,
Ó Fhoireann Bhunscoile an GhaelAonaid

IARRATAS AR THACAÍOCHT SCOILE

Soláthraíonn Oide tacaíocht chomhthéacsaithe ionscoile le linn/tar éis uaireanta scoile i réimsí tosaíochtaí éagsúla. Is féidir linn é sin a chur ar fáil sna bealaí seo:

- Ag obair le ceannairí scoile
- Ag obair le foirne iomlána (2 uair an chloig ar a laghad)
- Ag obair le grúpaí múinteoirí
- Ag léiriú cur chuige oideolaíochta sa seomra ranga
- Tacaíocht Leanúnach (tuilleadh eolais thíos)



Trí iarratas a dhéanamh ar thacaíocht ionscoile, tiocfaidh Ceannaire Foghlama Gairmiúla Oide ar cuairt chuig do scoil chun tacaíocht a sholáthar a chuirfear in oiriúint do shainriachtanais na scoile.

Tá iarratais ar thacaíocht scoile don scoilbhliain 2025/2026 ar oscailt i láthair na huaire. Tuilleadh eolais le fáil ag: https://oide.ie/ga/tacaiocht-scoileanna/tacaiocht-bunscoile-sa-scoil/

eolas@oide.ie
www.oide.ie
@OidePrimGaeilge

BEATHA TEANGA

Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

In eagrán Dheireadh Fómhair d'Fhios Foghlama spreag muid sibh chun cuairt a thabhairt ar shuíomh idirlín Beatha Teanga. An bhfaca sibh an físeán seo Céard é Beatha Teanga? Is físeán an-ghearr, 3.5 nóiméad atá ann a thugann léargas shoiléir ar an leas is féidir a bhaint as an acmhainn Beatha Teanga, idir Leabhar & Fhíseáin.

Caibidil 8, Ról na dTuismitheoirí

Tabhair cuairt ansin ar Caibidil 8, Ról na dTuismitheoirí. Chomh maith le dul tríd na Spreagcheisteanna & Spreagsmaointe sa chaibidil seo, éist le Dónal Ó hAiniféin, Príomhoide Ghaelscoil Mhichíl Chíosóig, Inis agus Gabriel Ó Cathasaigh, Iar-Phríomhoide Ghaelscoil Uí Ríordáin, Baile an Chollaigh ag roinnt a gcuid taithí féin maidir le caidreamh a chothú le tuismitheoirí a gcuid scoileanna.

EISPÉIREAS FOGHLAMA GAIRMIÚLA AR LÍNE

Beidh EFG ar líne chun tuisicint an mhúinteora ar an tAiseolas Ceartaitheach mar Chur Chuige chun Cruinneas a fhorbairt i gComhthéacs an Tumoideachais a fhorbairt.
Tá sé mar aidhm ag an seimineár gréasáin sin tacaíocht a thabhairt do cheannairí scoile agus múinteoirí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge cruinneas a fhorbairt i measc foghlaimeoirí. Díríonn an EFG ar líne seo ar bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna araon.
Le linn an tseimineáir, gheobhaidh na rannpháirtithe deiseanna:

- tuiscint a fháil ar cad is Aiseolas Ceartaitheach (AC) ann
- foghlaim faoi roinnt straitéisí AC chun AC éifeachtach a thabhairt
- tuiscint a fháil ar conas AC a chur i bhfeidhm sa seomra ranga agus i dtimpeallacht na scoile

Dáta: Dé Máirt, 18 Samhain 2025
Am: 19:00 - 20:15
Ar Líne

Is féidir clárú ag an nasc seo-https://oide.ie/ga/muinteoiri/

Oide

An tAiseolas Ceartaitheach mar Chur Chuige chun Cruinneas a fhorbairt i gComhthéacs an Tumoideachais

Tá sé mar aidhm ag an seimineár gréasáin seo tacaíocht a thabhairt do cheannairí scoile agus múinteoirí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge cruinneas a fhorbairt i measc foghlaimeoirí. Díríonn an EFG ar líne seo ar bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna araon.

Le linn an tseimineáir, gheobhaidh na rannpháirtithe deiseanna:
- tuiscint a fháil ar cad is Aiseolas Ceartaitheach (AC) ann
- foghlaim faoi roinnt straitéisí AC chun AC éifeachtach a thabhairt
- tuiscint a fháil ar conas AC a chur i bhfeidhm sa seomra ranga agus i dtimpeallacht na scoile

Sonraí Tábhachtacha

Dáta: Dé Máirt, 18 Samhain 2025
Am: 19:00 - 20:15
Suíomh: Ar líne

Is féidir cliceáil ar an nasc seo le clárú a dhéanamh:
https://oide.ie/ga/muinteoiri/

Tuilleadh Eolais

Má tá aon cheist agat seol ríomhphost chuig eolas@oide.ie

oide.ie
@OidePrimGaeilge
@Oide_PP_Gaeilge

CORPOIDEACHAS TRÍ GHAEILGE

Is deis iontach í Corpoideachas Trí Ghaeilge chun sealbhú/teagasc na Gaeilge a neartú trí eispéireas foghlama níos tarraingtí agus níos taitneamhaí a chothú do dhaltaí bunscoile.

Tá gach acmhainn ó **COGG** ar fáil ar shuíomh gréasáin Corpoideachais trí Ghaeilge, áit ar féidir le múinteoirí leaganacha digiteacha de na hábhair a íoslódáil agus ábhair bhreise a fháil do na snáitheanna eile den Churaclam Corpoideachais.

Tuilleadh eolais le fáil ag: https://www.cogg.ie/corpoideachas-tri-ghaeilge/

Tá ceachtanna lúthchleasaíochta FCÁT spraíúla agus spreagúla do **Ranganna a hAon** agus **Rang a Dó** ar shuíomh COGG.
Chomh maith leis an acmhainn nua lúthchleasaíochta, tá COGG tar éis acmhainní corpoideachais eile a bhailiú le chéile in áit amháin ó eagraíochtaí cosúil le CCEA, Gael Linn, TG4 Foghlaim, Glór na nGael, Oide, agus Séideán Sí.

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

PODCHRAOLADH NA MÍOSA

Sa phodchraoladh *What the Focal?*, labhraíonn Ciara Ní É leis an Dr Eoin Mac Cárthaigh, léachtóir le Nua-Ghaeilge i Roinn na Gaeilge (Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí is na gCultúr), Coláiste na Tríonóide. Múineann sé cúrsaí éagsúla i dteanga agus i litríocht Ghaeilge na hÉireann is na hAlban.
Pléann sé na gnéithe beaga teanga is fiú a thabhairt chun solais i bhfoghlaim agus i dteagasc na Gaeilge. Tugann sé léargas ar an tábhacht a bhaineann le feasacht theangeolaíoch i gcaomhnú agus i bhforbairt na teanga.

Éist leis anseo:
https://open.spotify.com/episode/5NpCz42OFjozkzxeZUbeHI?si=6Uf4DvkyS_aaerUPJN-dWQ

SEANFHOCAL NA MÍOSA

Ní hé lá na gaoithe lá na scolb.

SAMHLACHA NA MÍOSA

Chomh binn le ceol na bpíob
Chomh binn le ceol na clársigh
Chomh binn le ceol na n-éan
Chomh binn le ceol na síog
Chomh binn le guth na n-éan
Chomh binn leis an uiseog

SCRÍOBH LEABHAR

Foras na Gaeilge

Is tionscadal é Scríobh Leabhar atá urraithe ag Clár na Leabhar Gaeilge, Foras na Gaeilge. Reáchtáiltear an tionscadal i gcomhpháirt le hIonaid Oideachais éagsúla ar fud na hÉireann. Tugann Scríobh Leabhar deis do pháistí bunscoile a gcuid leabhar féin a scríobh, a dhearadh, agus a fhoilsiú as Gaeilge. Cuireann an tionscadal léitheoireacht agus scríbhneoireacht na Gaeilge chun cinn i measc páistí óga.
Tá neart samplaí de na leabhair ar fáil ar shuíomh Foras na Gaeilge:
https://www.forasnagaeilge.ie/scriobhleabhar/?lang=en
Tá cáipéis iontach curtha le chéile ag Oide chun tacú le múinteoirí agus daltaí agus iad i mbun scríbhneoireachta.
Tuilleadh eolais le fáil ag: Scríobh Leabhar 2025 - Oide

IMEACHTAÍ NA MÍOSA

Gaeloideachas
Guth don Oideachas Ián-Ghaeilge agus Gaeltachta

Tionól Forbartha Gaeloideachas i gcomhpháirt le COGG

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Beidh ceannairí scoile agus múinteoirí ó bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ag freastal ar an Tionól Forbartha ar an 21 de Mhí na Samhna in Óstán Pháirc Bhaile an Róistigh, Corcaigh. Beidh deis ag rannpháirtithe freastal ar cheardlanna foghlama gairmiúla, agus cuirfear deiseanna iontacha ar fáil don phlé gairmiúil.

Ina measc, beidh dhá eispéireas foghlama gairmiúla á reáchtáil ag Oide:
An Ghaeilge mar Theanga Bhreise (GTB) i mBunscoileanna T1
San eispéireas foghlama gairmiúla seo, tabharfar tacaíocht do cheannairí scoile agus múinteoirí atá ag plé le foghlaimeoirí na Gaeilge mar Theanga Bhreise (GTB) i suíomhanna tumoideachais. Is ag díriú ar pháistí a thagann chuig an scoil gan an Ghaeilge nó an Béarla mar theanga baile acu a bheidh an cheardlann seo.

Cruinneas a fhorbairt i gComhthéacs an Tumoideachais: Aiseolas Ceartaitheach
San eispéireas foghlama gairmiúla seo, díreofar ar Aiseolas Ceartaitheach (AC) mar chur chuige féideartha chun botúin choitianta ó bhéal a cheartú sa seomra ranga ar bhonn scoile uile.

Guíonn Oide gach rath ar an Tionól Forbartha.
Tuilleadh eolais agus clárúchán ar fáil anseo: bit.ly/470RgTB.

AMHRÁIN NA MÍOSA



Haigh Didil Dum

Amhrán álainn faoi chat agus a mháthair atá ag dul go Gaillimh ag marcaíocht ar bhardal. Tá an t-amhrán seo le fáil sa leabhar *Gugalaí Gug* le John Ryan agus Tadhg Mac Donnagáin.
Éistigí leis anseo: Haigh Didil Dum - YouTube

Uirlisí Ceoil

Tá sraith fógrán faoi uirlisí ceoil ar fáil ar shuíomh **Gaeloideachas**. Déantar cur síos iontu ar ainmneacha na gcodanna de na huirlisí éagsúla. Is méid A3 atá siad, ach is féidir iad a chur i gcló ar bhileoga A4 freisin.
Tuilleadh eolais le fáil ag: Uirlisí Ceoil 🎻

ACMHAINN NA MÍOSA

In Ord agus in Eagar

Dr Jacqueline de Brún & Dr Róisín Ní Mhulláin

Treoir don mhúinteoir atá anseo le leabhair Ghaeilge a roghnú, chun tacú le cur chun cinn éifeachtach na léitheoireachta. Tá leabhair, úrscéalta, greannáin agus leabhair neamhfhicsin, leagtha amach in In Ord agus in Eagar ar liosta de réir deacrachta.
Tá an tionscadal dírithe go príomha ar mhúinteoirí bunscoile sna meán/ardranganna i scoileanna Gaeltachta agus i nGaelscoileanna.
Tuilleadh eolais le fáil ag:COGG | Sonraí Acmhainní

DÁN NA MÍOSA

Na Gaoithe

An ghaoth aduaidh bíonn sí crua
Is cuireann sí gruaim ar dhaoine

An ghaoth aneas bíonn sí tais
Is cuireann sí rath ar shíolta

An ghaoth anoir bíonn sí tirim
Is cuireann sí sioc istoíche

An ghaoth aniar bíonn sí fial
Is cuireann sí iasc i líonta.

Éistigí leis anseo:
https://youtu.be/kXWWuFWJ_Ro?si=I5DtA-jGyENHQ1xO

Oideachas Sóisialta agus Imshaoil

AINMHITHE AG GEIMHRIÚ

Ar **Fhoghlaim TG4**, déanann Orla cur síos ar ainmhithe a chodlaíonn sa Gheimhreadh: an ghráinneog & an luchóg fhéir ina measc. Tá suantraí ar leith aici don ngráinneog!
Tuilleadh eolais le fáil ag: Foghlaim TG4 | Bunleibhéal | Gaeilge | Ainmhithe ag geimhriú | Cúla4 Ar Scoil | | YT

Taisce Tuisceana

Tá an áis léamhthuisceana ar fáil ar shuíomh Taisce Tuisceana bunaithe ar an téama Geimhriú. Tabharfar deis do na daltaí na scileanna léamhthuisceana a fhorbairt agus cur lena stór focal ag an am céanna.
Tuilleadh eolais le fáil ag: Taisce Tuisceana | CCEA

Eureka

Tá ailt agus gníomhaíochtaí ar fáil san eagrán den tsraith Eureka leis an Irish Independent. Díríonn an t-eagrán seo ar dhúlra, séasúir an gheimhridh, agus ainmhithe atá ag geimhriú.
Tuilleadh eolais le fáil ag: **Eureka_Irish_12.15_20230110094413905.pdf**

Ag Géimhriú

Éistigí leis an bhfile Catherine Foley ag léamh an dán Ag Geimhriú ar RTÉ Raidió 1.
Éistigí leis anseo: Ag Geimhriú, or Hibernating, a poem by Catherine Foley | Sunday Miscellany - RTÉ Radio 1

Ard-Mhúsaem na hÉireann

Tá áis oideachais bunaithe ar an nGeimhriú deartha ag Ard-Mhúsaem na hÉireann, atá dírithe ar pháistí idir 7 agus 12 bliain d'aois. Is féidir an áis a íoslódáil agus a phriontáil don rang.
Tuilleadh eolais le fáil ag: https://www.museum.ie/en-IE/Museums/Natural-History/Engage-And-Learn/Schools-Educational-Visits/Primary/Gniomhaiochtai-Seomra-Ranga-Cuardach-Focal-Seasura

AN GÓRTA MÓR

Tá pacáiste seomra ranga dearadh ag EPIC, ina bhfuil Tráth na gCeist, puzail agus cluichí bunaithe ar an nGórta Mór.

Tuilleadh eolais le fáil ag: COGG | Sonraí Acmhainní



the WEATHERBIES™

Tá **Comórtas Mór Éicea-Amhráin** 2025-2026 fós ar oscailt go dtí an 30ú Eanáir 2026.

Tá leabhar nua ar fáil -**Tomás Toirneach agus a Éan Beag.**

Beidh spraoi ag na páistí ag damhsa agus ag ceol le hamhráin de chuid na Weatherbies! Tá amhráin nua ar fáil - **Pailniú**, **Cuir sa Bruscair É** agus **Eín Beaga** ar fáil anois: Na Weatherbies - YouTube

Tá **album nua Foinn Éisca** leis na Weatherbies, ina bhfuil amhráin do pháistí a chuidíonn leo tuiscint a fháil ar réimse leathan topaicí comhshaoil.

Tuilleadh eolais le fáil ag: https://theweatherbies.co.uk/comortas-mor-eicea- amhran/
Beidh seastán ag Na Weatherbies ag an Tionól Forbartha 2025 - Gaeloideachas i gcomhpháirt le COGG ar an 21ú Samhain 2025.

COMÓRTAS FILÍOCHTA

Mar chuid de Choiste Éigse Joe Steve, tá comórtas nuafhilíochta do dhaltaí scoile á chur ar siúl. Is éard atá i gceist leis an gcomórtas ná go gcumfadh daltaí dán, i nGaeilge, gearr nó fada - ach ar a laghad 10 líne ar a fhad, bunaithe ar cheann de na sé théama seo a leanas:

- mé féin
- an pobal ina mairim
- an dúchas
- an lá is fearr i mo shaol
- dóchas
- grá

Is é an 6ú Nollaig an spriocdháta.

LEABHAR NA MÍOSA

Lúlú agus an Oíche Ghlórach
le Bridget Bhreathnach

Tá an oíche an-ghlórach, agus cuireann an torann ar fad eagla ar Lúlú. Ach nuair a thagann a cara, Jeaicí an t-ulchabhán, ar cuairt, tá plean aici chun Lúlú a chur ar a suaimhneas.

Éistigí leis anseo:
https://youtu.be/SuS68x66awE?si=DWXhpMAWnUNsolHz

COMÓRTAS STAIRE SCOILE UILE-OILEÁIN 2025

Tá Comórtas Staire na Scoileanna Uile-Oileáin oscailte do pháistí bhunscoileanna ó Rang a Trí go dtí Rang a Sé.

Sa chomórtas seo tugtar cuireadh do scoláirí iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar comóradh ar imeachtaí, daoine agus scéalta tábhachtacha ón am atá thart sa lá atá inniu ann.

Is é aidhm an chomórtais seo: imeachtaí stairiúla a nascadh le téamaí comhaimseartha, aird a tharraingt ar scéalta staire nach gcloistear go minic agus rannpháirtíocht ó phobail ar fud oileán na hÉireann a spreagadh.

Is é an **5ú Nollaig** an spriocdháta.

An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

COMÓRTAS STAIRE SCOILE UILE-OILEÁIN 2025

Comóradh tríd an Nuálaíocht: ag ceangal an ama atá thart leis an lá atá inniu ann agus leis an am atá le teacht

Tá cuireadh á thabhairt againn do scoláirí páirt a ghlacadh i gcomórtas spreagúil staire ina ndéantar iniúchadh ar scéalta nach gcloistear go minic, ar ghuthanna éagsúla agus ar an gcaoi a múnlaíonn ár stair chomhroinnte saol an lae inniu.

Tá tionscadail á lorg againn a nascann imeachtaí stairiúla le téamaí comhaimseartha agus a chuireann piosaí staire nach gcloistear fúthu go minic agus pobail éagsúla ar fud oileán na hÉireann ar taispeáint.

Féadfaidh d'ionträil a bheith i gceann de na formáidí seo a leanas:

- Físeán gearr
- Piosa fuaime
- Saothar ealaíne (2T nó 3T)
- Tionscadal/aiste scríofa

Dáta oscailte: 2 Deireadh Fómhair 2025
Dáta Deiridh: 5 Nollaig 2025

Tá an comórtas seo oscailte do gach scoláire bunscoile agus iar-bhunscoile in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, lena n-áirítear daoine óga a fhreastalaíonn ar shuíomhanna eile oideachais.

Tá sonraí uile an chomórtais ar fáil ag

CLUICHE NA MÍOSA

Mar A Déarfá! - Faire Focla!

Deis iontach le bheith ag cleachtadh cóid litrithe na bhfuaimeanna agus ag déanamh focal, ag léamh agus ag litriú trí spraoi. Tá 104 cluiche in aisce le haghaidh spraoi ar scoil nó sa bhaile.

Tuilleadh eolais le fáil ag:
Faire Focla | Mar a Déarfá!

ACMHAINN NA MÍOSA

Snas.ie - Snas TV Nuacht



Tá Snas TV Nuacht ar ais don scoilbhliain nua. Ceachtanna nua gach Déardaoin bunaithe ar an nuacht is déanaí ó Nuacht TG4. Cleachtaí agus gníomhaíochtaí sna scileanna go léir.

Tuilleadh eolais le fáil ag:
https://snas.ie/lessons/siopadoireacht-cleachtai-stor-focal/

Séanadh: 'Is acmhainn iad na cora poist seo agus tá an t-eolas atá iontu ábhartha agus suas chun dáta ag dáta a bhfoilsithe amháin. Is gá don úsáideoir a chinntiú go bhfuil an t-eolas is déanaí faighte acu ó shuíomhanna áirithe eile amhail CNCM, ROÓ.